

Treoir don Seomra Ranga

Iar-Bhunscoil

Réamhrá

Suíomh é Reilig Ghlas Naíon a fhiosraíonn agus a chuimhníonn ar an am atá caite trí shaol na ndaoine atá curtha anseo. Osclaíodh an reilig in 1832 agus cuireadh breis agus milliún duine ann. Tá mar chuspóir ag Tairseach Foghlama Reilig Ghlas eolas a thabhairt do scoláirí ar iliomad daoine agus imeachtaí ón am atá caite. Tá na himeachtaí atá faoi chaibidil ón tréimhse atá cumhdaithe ag Deich mBliana na gCuimhneachán (1912-23), den chuid is mó.

Is féidir le scoláirí Reilig Ghlas Naíon a fhiosrú go fórga tríd an ardán ar líne seo. Laistigh den seomra ranga, is féidir leat bunúis na reilige a fhiosrú, foghlaim faoi dhaoine san am atá thart, agus plé a dhéanamh ar conas a raibh tionchar ag na himeachtaí stairiúla a phléimid sa seomra ranga ar shaol daoine - saol sibhialtach, saighdiúirí, leanaí, teaghlach, agus réabhlóidithe. Spreagtar scoláirí chun imeachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a cheangal lena gceantar áitiúil, agus taighde neamhspleách a dhéanamh.

Cruthaíodh an Tairseach Foghlama seo chun gur féidir le scoileanna teacht go cianda ar go leor de na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil laistigh den reilig. Dearadh é go mbeidh gnéithe ann do scoláirí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile araon agus bunófar an t-ábhar, na gníomhaíochtaí foghlama, agus an cur chuige féin a úsáidtear ar chomhthéacs foghlama an ranga, agus déanfaidh gach múinteoir cinneadh faoi. Dírítear ann ar scileanna a fhorbairt agus tá réimse gníomhaíochtaí foghlama, atá in ainm is freastal ar fhoghlaiméirí agus suimeanna éagsúla, ar fáil mórthimpeall na tairsí.

Chun teacht ar an Tairseach Foghlama trí Ghaeilge, roghnaigh an rogha Gaeilge ar an bpríomhleathanach baile.

Nóta maidir le Gníomhaíochtaí Foghlama

Laistigh de gach láthair ar an léarscáil, tiocfaidh tú ar ghníomhaíochtaí foghlama difreáilte. Mar gheall gur dearadh an tairseach seo go mbainfidh daoine ar go leor aoiseanna agus cumais úsáid as, is féidir leis an múinteoir ranga cinneadh a dhéanamh faoi cén t-ábhar is mó atá oiriúnach d'aois agus suimeanna a scoláirí.

Tá acmhainní atá dírithe ar scoláirí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, anuas ar straitéisí foghlama ginearálta, sa mhír ar leith 'Acmhainní Foghlama' atá ar an leathanach baile.

Chun go nglacfaidh scoláirí páirt níos mó ann agus go mbíonn tuiscint níos fearr acu air, bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh eolas acu ar na himeachtaí stairiúla seo a leanas:

- An Ghéarchéim Rialtais Dúchais
- An Chéad Chogadh Domhanda
- Éirí Amach 1916
- Cogadh na Saoirse
- Cogadh Cathartha na hÉireann

Treoir don Seomra Ranga

Iar-Bhunscoil

Nóta maidir le Difreáil

Faoi mar a luadh, tá míreanna áirithe níos dírithe i dtreo scoláirí níos óige, agus tiocfaidh limistéir eile níos mó leis na rudaí a bhfuil staidéar á dhéanamh ag scoláirí níos sine orthu. Laistigh de gach láthair ar an léarscáil, cuirtear tús le gníomhaíochtaí foghlama le tascanna sa mhír 'Téacs' agus cuirtear an dúshlán roimh scoláirí 'Plé' agus 'Taighde' a dhéanamh. Tá réimse straitéisí foghlama ginearálta ann freisin a bheidh oiriúnach do stíleanna éagsúla foghlama.

Nasc leis an Lítearthacht

Tá eochairfhocail suite sa phríomh-mhír 'Acmhainní Foghlama' ar an leathanach baile.

Moltaí maidir leis an Tairseach Foghlama a Úsáid

Chun tacú leis an Tairseach a chomhcheangal leis an bpleanáil agus an úsáid a bhaintear as sa seomra ranga, tá naisc shamplacha idir curaclaim oifigiúla agus an Tairseach Foghlama thíos.

Ag brath ar an gcomhthéacs foghlama, is féidir an Tairseach Foghlama a úsáid ar bhealaí éagsúla:

- Úsáid múinteoirí – déantar é a theilgean sa seomra ranga. Is féidir gníomhaíochtaí foghlama a íoslódáil agus a chló mar cháipéisí PDF.
- Úsáideann scoláirí é i ríomhlann.
- Déantar é a fhiosrú ar ghléasanna táibléid sa seomra ranga más rogha foghlama é sin.
- Ag brath ar chomhthéacs, is féidir le múinteoirí an cinneadh a dhéanamh go leor ábhar a mhúineadh láithreach, nó an tairseach a úsáid chun cur leis na ceachtanna trí ábhair a chuimsiú mar gheall go ndéanann siad ceangal le staidéar a bhíonn ar siúl go leanúnach sa seomra ranga.
- Téigh ar thuras ar líne timpeall Reilig Ghlas Naíon.
- Tá moltaí le haghaidh tionscadail taighde ranga ar fáil mórthimpeall na tairsí.
- Tiocfaidh tú ar réimse acmhainní dírithe, chomh maith le straitéisí foghlama ginearálta, sa mhír 'Acmhainní Foghlama' atá ar an bpríomhleathanach baile.

Treoir don Seomra Ranga

Iar-Bhunscoil

Naise leis an gCuraclam

Stair na Sraithe Sóisearaí: Naisc le Tairseach Foghlama Reilig Ghlas Naíon

Snáithe a hAon: Cineál na Staire	Samplaí
1.1 Braistint bá stairiúil a fhorbairt trí bhreathnú ar dhaoine, saincheisteanna agus imeachtaí ar a dtagtar orthu fad a bhíonn staidéar á dhéanamh acu ina gcomhthéacs stairiúil san am atá imithe thart.	Imeachtaí stairiúla a cheangal le heispéiris daoine ainmnithe ar imir na himeachtaí seo tionchar orthu.
1.2 Machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna teasaí nó conspóideacha sa stair ó bhreis agus peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar na cúiseanna go bhfuil saincheist nó téama teasaí nó conspóideach sa domhan comhaimseartha.	I measc na míreanna, tá an méid seo a leanas: Jack Cusack agus Thomas Hogan: Cath Bhaile Átha Cliath, Cogadh Cathartha na hÉireann (1922-23).
1.3 Iarracht a dhéanamh a n-oidhreacht chultúrtha a thuiscint trí áiteanna agus foirgnimh atá tábhachtach ó thaobh na staire de a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth go ndéantar comóradh ar dhaoine, imeachtaí agus saincheisteanna stairiúla.	Bunús agus an borrhadh a tháinig ar Reilig Ghlas Naíon a fhiosrú. Ceangail a dhéanamh idir Reilig Ghlas Naíon agus suíomhanna ina gceantar áitiúil.
1.11 Ceangail agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus imeachtaí in áiteanna éagsúla agus i réanna stairiúla.	An Amlíne Idirghníomhach a Fhiosrú. Na naisc agus an gaol a thuiscint atá idir imeachtaí stairiúla. Mar shampla, an comhthionchar a d'imir an Chéad Chogaidh Dhomhanda (1914-18) agus Paidéim an Fhliú (1918-19).

Treoir don Seomra Ranga

Iar-Bhunscoil

Snáithe a Dó: Stair na hÉireann	
2.4 Scrúdú a dhéanamh ar theacht i réim agus ar thionchar an náisiúnachais agus an aontachtais in Éirinn, na príomhimeachtaí idir 1911 agus 1923 san áireamh.	I measc na míreanna, tá an méid seo a leanas: Molly Reynolds agus Éirí Amach 1916. Jack Cusack agus Thomas Hogan: Cath Bhaile Átha Cliath, Cogadh Cathartha na hÉireann (1922-23).
2.8 Cur síos a dhéanamh ar an tionchar a d'imir cogadh ar shaol mhuintir na hÉireann, agus tagairt á dhéanamh don Chéad Chogadh Domhanda nó don Dara Cogadh Domhanda.	I measc na míreanna, tá an méid seo a leanas: Mary Martin: Máthair Shaighdiúra ar Iarraidh (1916). Edward Heffernan: Cath an Somme (1916) May Noonan: Monarchana Muinisean agus an Chéad Chogadh Domhanda (1914-18).
2.11 ceangail a dhéanamh idir stair áitiúil, phearsanta nó theaghlach agus na daoine móra le rá, na saincheisteanna agus na himeachtaí níos fairsinge náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta.	Spreagtar scoláirí chun imeachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a cheangal lena gceantar áitiúil. Mar shampla: <ul style="list-style-type: none">• Comóradh ina gceantar áitiúil.• Toradh Olltoghchán 1918 i dtoghcheantair áitiúla.• Taighde a dhéanamh ar stair shóisialta i 1913 i gceantair thuaithe agus/nó uirbeacha

Treoir don Seomra Ranga

Iar-Bhunscoil

Measúnuithe atá Bunaithe sa Seomra Ranga*

Conas is féidir le Tairseach Foghlama Reilig Ghlas Naíon tacú leis an bpróiseas Measúnaithe Rangbhunaithe (MRB) sa seomra ranga?

- Fiosracht agus spéis a mhúscailt in imeachtaí ar leith.
- Cuirtear Ábhair Thaighde a mholtar i láthair sna treoirlínte. Ag brath ar an gcomhthéacs, d'fhéadfaí ábhair a úsáid mar rudaí a d'fhéadfaí a fhiosrú.
- Nuair a bhaineann, tá bailiúchán cáipéisí bunfhoinsé a bhaineann le Reilig Ghlas Naíon ar féidir iad a scrúdú agus phlé le scoláirí mar chuid de thionscadal níos fairsinge maidir leis an reilig. Mar shampla, grianghraif, cuntais i nuachtáin, agus taifid adhlactha.
- Is féidir leis na scoláirí an moladh le haghaidh Léitheoireacht Bhreise agus na tagairtí d'íomhánna/fhoinsí a úsáid mar leideanna chun taighde a dhéanamh.
- Tá réimse físeán ghearra ghaolmhara sa mhír Bailiúchán Scéalta. I measc na n-ábhar, tá: Tús Eolais ar Thaighde sa Reilig, Stair Sóisialta, agus Stair Reilig Ghlas Naíon.

Sampla: Trí úsáid a bhaint as an Tairseach Foghlama chun tacú le céimeanna 1 agus 2 den Phróiseas MRB 1 - An tAm atá Thart i m'Áit.

An amlíne agus an léarscáil idirghníomhach a fhiosrú sa seomra ranga. Ag brath ar an gcomhthéacs foghlama, is féidir é seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as cur chuige ranga iomláin nó is féidir le gach scoláire féin é a dhéanamh go neamhspleách ar ríomhaire/ghléas móibíleach. Féach an mhír Moltaí d'Úsáid chun teacht ar bhreis sonraí.

Céim 1: Iniúchadh a Dhéanamh

Is féidir le scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh tríd an Tairseach Foghlama a úsáid:

- Plé a dhéanamh ar ghnéithe den am atá imithe thart ar spéis leo iad agus a bhfuil siad fiosrach fúthu.
- Teacht ar smaointe agus téamaí féideartha chun staidéar breise a dhéanamh orthu.
- Naisc a dhéanamh idir imeachtaí náisiúnta agus a gceantar áitiúil.
- Oibriú i dtreo ceist fiosrúcháin a chruthú.

Céim 2: Fiosrú a Dhéanamh

Is féidir le scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh tríd an Tairseach Foghlama a úsáid:

- An reilig a fhiosrú go fórga.
- Foinsí fianaise a aithint.
- Feasacht a mhúscailt ar stóir bhreise bhunfhoinsé a ndéantar tagairt dóibh laistigh den tairseach.

*Stair na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, an 1ú hEagrán. an CNM, (Bealtaine 2018).

Treoir don Seomra Ranga

Iar-Bhunscoil

I measc ábhair na dtionscadal a bhféadfadh Tairseach Foghlama Reilig Ghlas Naíon tacú leo, tá an méid seo a leanas:

- Staidéar ar áit áitiúil atá suimiúil ó thaobh na staire de.
- Staidéar ar shéadchomhartha, dealbh, cuimhneachán nó suíomh eile cosúil leo siúd atá suimiúil ó thaobh na staire de.
- Eachtra stairiúil a tharla go háitiúil a bhí mar chúis thábhachtach le hathrú.
- An tionchar a d'imir imeacht nó saincheist náisiúnta nó idirnáisiúnta ar an gceantar áitiúil.
- Staidéar ar ghné den saol sa cheantar áitiúil ag tráth ar leith roimhe seo.

Trí úsáid a bhaint as Tairseach Foghlama Reilig Ghlas Naíon chun tacú leis an bpróiseas chun MRB 2 a dhéanamh ina ionad sin.

Saol san Am

Céim 1: Scóipeáil

Is féidir le scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh tríd an Tairseach Foghlama a úsáid:

- Eolas Cúlra a bhailiú ar chomhthéacs níos leithne an ama.
- Teachnt ar smaointe agus ar spreagadh féideartha taighde chun staidéar breise a dhéanamh orthu.
- Naisc a dhéanamh idir imeachtaí a tharla san am atá imithe thart.

Céim 2: Taighde

- Foinsí fianaise a aithint.
- Feasacht a mhúscailt ar stóir bhreise bhunfhoinsé a ndéantar tagairt dóibh laistigh den tairseach.

I measc ábhair na dtionscadal a bhféadfadh Tairseach Foghlama Reilig Ghlas Naíon tacú leo, tá an méid seo a leanas:

- Scrúdú ar ghné de shaol nó de ghairm bheatha an ábhair.
- An méid a chuireann an t-ábhar le gné d'athrú suntasach stairiúil.
- Staidéar ar chaidreamh tábhachtach i saol/ngairm bheatha an ábhair.

Treoir don Seomra Ranga

Iar-Bhunscoil

Smaointe sa Seomra Ranga: Sampla - An Idirbhliain

D'fhéadfadh múinteoirí ceann amháin de na smaointe a mholtar thíos nó meascán de smaointe a roghnú.

1. Dul ar Thuras Fíogra timpeall Reilig Ghlas Naíon.

Trí úsáid a bhaint as an Léarscáil Idirghníomhach, an Amlíne, agus na físeáin sa Bhailiúchán Scéalta. Tacóidh acmhainní sa phríomh-mhír 'Acmhainní Foghlama' (atá ar fáil ar an leathanach baile) leis an bhfiosrú seo.

2. Modúl Staire na hIdirbhliana

Cur leis an úsáid a bhaintear as an tairseach sa seomra ranga agus ábhair ar leith a fhiosrú níos mó trí úsáid a bhaint as pleananna ceachta téamúla - atá ar fáil sa phríomh-mhír 'Acmhainní Foghlama'.

I measc na n-ábhar, tá:

- Fuascailt na gCaitliceach agus Daniel O'Connell.
- Ról Athraitheach Ban go luath san fhichiú haois: Léig na hÉireann um Cheart Vótála do Mhná agus na Sufraigéidí.
- Éire agus an Chéad Cogadh Domhanda: Bá an RMS Leinster.

3. Smaointe do Thionscadail Taighde agus Mhúinteoireachta do Scoláirí.

Moltar Ábhair Thaighde i ngach mír agus tá siad nasctha leis an ábhar i ngach láthair ar an léarscáil.

- Bronn ábhar taighde ar gach scoláire/nó grúpa scoláirí. Trí chur leis an eolas i ngach mír, is féidir le scoláirí taighde a dhéanamh ar an ábhar agus a dtorthaí a sholáthar trí: tuairisc, taispeántas, blog, cur i láthair, etc. Múscail an spreagadh chun tús a chur leis an bpróiseas taighde trí fhéachaint ar na físeáin sa mhír Bailiúchán Scéalta. Moltar go leor foinsí agus ábhair léitheoireachta breise.

4. Beathaisnéis gach Lá

Dírigh ceacht ar gach láthair a dhíríonn ar Dhaoine ar an léarscáil idirghníomhach. Tíocfaidh tú ar na rudaí seo a leanas i ngach mír: eolas faoi chomhthéacs, sonraí beathaisnéiseacha, íomhánna, bunfhoinsí, agus ceisteanna agus tascanna gaolmhara.

Stair na Sraithe Sinsearaí: Naisc le Tairseach Foghlama Reilig Ghlas Naíon

Tugtar roinnt naisc dhíreacha thíos.

Éire agus an tAontas, 1815-1870	Dónal Ó Conaill (1775-1847) agus Bunús na Reilige
---------------------------------	--

Treoir don Seomra Ranga

Iar-Bhunscoil

Gluaiseachtaí ar son Athchóiriú, 1870-1914	Eugene Salmon: Titim Anuas Thionóntán Sráid an Teampaill (Frithdhúnadh 1913)
Ceannas agus Críochdheighilt, 1912-49	<ul style="list-style-type: none">• Molly Reynolds: Éirí Amach 1916• Edward Heffernan: Cath an Somme (1916)• Charlotte Despard agus an Chuntaois Markievicz: Olltoghchán 1918• Jack Cusack agus Thomas Hogan: Cath Bhaile Átha Cliath, Cogadh Cathartha na hÉireann (1922-23)

Smaointe Eile

- Tá ceangal idir an réimse ábhar atá ar an Léarscáil Idirghníomhach agus an Amlíne agus go leor limistéar den chúrsa, agus is féidir le scoláirí é a úsáid mar bhealach chun athbhreithniú idirghníomhach agus ilchineálach a dhéanamh.
- Is féidir ceachtanna ábhair, a chuirtear ar fáil i mír na hIdirbhliana thuas, a úsáid le scoláirí sa 5ú bliain.
- Is féidir míreanna den Tairseach Foghlama a chur san áireamh mar chuid d'aonad staidéir níos mó. Tugann sé deis do scoláirí plé a dhéanamh ar eispéiris daoine aonair a tháinig slán as imeachtaí stairiúla.
- D'fhéadfadh scoláirí an Tairseach Foghlama a fhiosrú chun smaointe féideartha a chruthú d'ábhair agus téamaí do Thuairisc ar an Staidéar Taighde.

Tacaíocht/Ceisteanna

Seol Ríomhphost, le do thoil, chuig education@dctrust.ie